II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2021/2277 ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Samhain 2021

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2017/418 ón gComhairle ([1]), tugadh i gcrích an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook ([2]) ("an Comhaontú") agus tháinig sé i bhfeidhm an 10 Bealtaine 2017. Tá feidhm ag an gComhaontú agus ag an bPrótacal maidir lena chur chun feidhme ("an Prótacal atá ann faoi láthair") ar bhonn sealadach ó bhí an 14 Deireadh Fómhair 2016 ([3]) ann.

(2) An 7 Iúil 2020 thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Rialtas Oileáin Cook maidir le tabhairt i gcrích Prótacal nua maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe ("an Prótacal").

(3) Go dtí go dtabharfar an chaibidlíocht i gcrích, cuireadh síneadh bliana amháin leis an bPrótacal atá ann faoi láthair ([4]) agus tá sé le dul in éag an 13 Samhain 2021.

(4) Tugadh an chaibidlíocht sin chun críche go rathúil agus cuireadh inisealacha leis an bPrótacal an 28 Iúil 2021.

(5) Tá sé d'aidhm ag an bPrótacal cur ar chumas an Aontais agus Rialtas Oileáin Cook leanúint de chomhoibriú le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun acmhainní iascaigh uiscí iascaigh Oileáin Cook a shaothrú ar bhealach fónta, i gcomhréir leis an gcuspóir i dtaobh acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú, ar cuspóir é a dtugtar aitheantas dó faoi dhlí an Aontais, agus chun go bhféadfaidh soithí an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sna huiscí sin.

(6) I bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéir iascaireachta Oileáin Cook agus i bhfianaise an ghá atá ann gan cur isteach ar na gníomhaíochtaí sin ar dhul in éag an Phrótacail atá ann faoi láthair, ba cheart an Prótacal a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó dháta a shínithe, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

([1]) Cinneadh (AE) 2017/418 ón gComhairle an 28 Feabhra 2017 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook, agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis (IO L 64, 10.3.2017, lch. 1).
([2]) IO L 131, 20.5.2016, lch. 3.
([3]) IO L 289, 25.10.2016, lch. 1.
([4]) IO L 395, 25.11.2020, lch. 1.

(8) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus thug sé tuairim uaidh an 3 Samhain 2021,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook ("an Prótacal") a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an Prótacal sin a thabhairt i gcrích ([6]).

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Prótacal a shíniú, thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Cuirfear an Prótacal i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó dháta a shínithe ([7]) go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Samhain 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. POČIVALŠEK

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([6]) Ní hann don téacs seo i nGaeilge.

([7]) Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta óna gcuirfear an Prótacal i bhfeidhm go sealadach a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.